

# 4

## SHEIRBHÍS DEN SCOTH DO CHUSTAIMÉIRÍ A SHOLÁTHAR DO PHÁIRTITHE LEASMHARA INMHEÁNACHA AGUS SEACHTRACHA



## Seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí a sholáthar do pháirtithe leasmhara seachtracha

### Caighdeáin um sheirbhís do chustaiméirí

Le linn na bliana atá faoi athbhreithniú, bhí an Oifig fós tiomanta do sheirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí a sholáthar dá foireann féin agus do gach ball den phobal lena mbíonn sí ag déileáil. Tá an t-aiseolas agus seirbhísí um ghearáin fhoirmiúla, faoi mar a sholáthraítear ar shuíomh gréasáin na hOifige, lárnach don tiomantas sin.

### Cairt Custaiméirí

Cuirtear sonraí ar an méid seo a leanas, i measc nithe eile, ar fáil sna Doiciméid um Chúram Custaiméirí na hOifige atá le fail ar shuíomh gréasáin an OSFC:

- caighdeáin seirbhíse na hOifige;
- na caighdeáin a bhféadfadh custaiméirí a bheith ag súil leo ón Oifig;
- príomhphointí teagmhála; agus
- Foirm Aiseolais agus Gearáin do Chustaiméirí.

Ní bhfuarthas gearáin foirmiúla ar bith i rith na bliana 2020 faoi Nós Imeachta na hOifige do Ghearáin ó Chustaiméirí. Tá sé tábhachtach chun tabhairt le fios gurb ann dár Nós Imeachta do Ghearáin ó Chustaiméirí chun plé le meancóga, moilleanna, nó drochsheirbhís do chustaiméirí. Ní bhaineann sé le míshástacht le beartas, cinntí le hOifigigh agus cúrsaí eile a bhaineann le cásanna. Tionscnaítear an nós imeachta ach Foirm do Ghearáin ó Chustaiméirí a chomhlánú agus a thabhairt ar ais don Oifig, atá ar fáil ar láithreán gréasáin an OSFC.

### Cineál na bpríomhtheagmhálacha le páirtithe leasmhara

Áiríonn príomhtheagmhálacha<sup>43</sup> na hOifige le páirtithe leasmhara:

- i. treoir agus ábhar gaolmhar a sholáthar; lena n-áirítear “Treoir Do Cuideachtaí Aonbhail” a fhoilsíú in 2020 a chomhdhlúthaíonn na Treoracha atá ann cheana in aon fhoilseachán amháin ar mhaithe le tagairt éasca;
- ii. gníomhaíochtaí for-rochtana;
- iii. déileáil le fiosruithe agus le gearáin ó dhaoine den phobal;
- iv. caidrimh le páirtithe leasmhara seachtracha a bhainistiú agus a fhorbairt; agus
- v. láithreán gréasáin/na meáin shóisialta.

Tugtar tuilleadh mionsonraí i gCaibidil 2 den Tuarascáil seo ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le (i), le (ii) agus le (iv) thuas, a thagann, den chuid is mó, faoi shainchúram an Aonaid Tathanta. Cé is moite de ghearáin maidir le sárruithe dlí na gcuideachtaí, a bpléitear leo i gCaibidil 3, tugtar tuilleadh mionsonraí thíos ar na gníomhaíochtaí a bhaineann le (iii) agus le (v) thíos.

### Fiosruithe poiblí

Soláthraíonn an Oifig, an méid atá indéanta, eolas ginearálta ar ábhair dlí na gcuideachtaí do pháirtithe leasmhara.

D’fhonn tuilleadh cabhrach a thabhairt do dhaoine atá ag iarraidh faisnéise, chuir an Oifig sraith Ceisteanna a Fiafraítear go Minic (CFManna), agus freagraí ar na ceisteanna sin, le chéile, agus tá na nithe seo ar fáil ar an láithreán gréasáin<sup>44</sup>. Déantar athbhreithniú ar an rannán CFManna ar bhonn rialta, agus cuirtear nithe leis an méid is gá. I rith na bliana faoi athbhreithniú, athbhreithníodh agus nuashonraíodh rannóg na gCFM go cuimsitheach arís, chun na fiosruithe ba mhinice a fuarthas san Oifig a léiriú. Chomh maith le dul i gcomhairle leis an láithreán gréasáin, is féidir fiosruithe a sheoladh chuig seoladh ríomhphoist faisnéise na hOifige ([info@odce.ie](mailto:info@odce.ie)), agus is féidir fiosruithe a dhéanamh ar an teileafón freisin.

Cé go ndéileálann an Oifig le formhór na bhfiosruithe trí threoir na seirbhísí atá léirithe thuas, teastaíonn freagairt níos mionsonraithe agus níos breithnithe do roinnt fiosruithe agus déileálann an Oifig leis an iliomad fiosruithe gach bliain. Ní féidir leis an Oifig, áfach, comhairle dlí a sholáthar do dhaoine a ndéanann fiosrú maidir leis ach, i gcúinsí ina tugtar le tuiscint leis an gcineál fiosraithe gurb é sin mar atá sé, moltar do dhaoine a rinne an fiosrú gur cheart dóibh comhairle ghairmiúil neamhspleách a lorg.

43. Is é sin seachas páirtithe a bhfuiltear i dteagmháil leo i gcás shainchúram forheidhmithe na hOifige

44. <https://www.odce.ie/ga-ie/cfm.aspx>

## Láithreán gréasáin

I rith na bliana atá faoi athbhreithniú atógadh suíomh Gréasáin OSFC ar ardán nuashonraithe chun slándáil fheabhsaithe a sholáthar. Cé go raibh an t-uasghrádú á dhéanamh laghdaíodh na leathanaigh a bhí ar fáil don phobal i bhfad, agus ní raibh ach nuashonruithe Covid-19 le feiceáil. Léirítear an laghdú sna staitisticí laghdaithe le haghaidh amharc leathanaigh i rith na bliana. Tar éis athfhorbairt a dhéanamh ar an suíomh Gréasáin, chuir an Oifig Bratach Fianán i bhfeidhm de réir cheanglais RGCS agus r-Phríobháideachta.

Liostaítear i dTábla 19 thíos codanna an láithreáin ghréasáin a mheall an trácht is mó i rith na bliana atá faoi athbhreithniú.

**Tábla 19: Na 5 chuid gréasáin a dtugadh an méid is mó cuairteanna orthu i 2020 – [www.odce.ie](http://www.odce.ie)**

Cuid	Amhairc
Publications (Béarla)	18,411
Company Law & You (Béarla)	13,901
About the ODCE (Béarla)	9,971
FAQs (Béarla)	9,097
Media & Presentations (Béarla)	5,813

Trí thuilleadh mínte a thabhairt, tugtar mionsonraithe i dTábla 20 thíos ar na 20 leathanach aonair ba mhó ar tugadh cuairt orthu (is é sin, seachas na ranna) ar an suíomh gréasáin le linn na bliana (gan leathanach baile an tsuímh san áireamh). Faoi mar a bhí sé i mblianta roimhe seo, bhí roinn na gCeisteanna a Fiafraítear go Minic bainteach ar na leathanaigh ba mhó ar bhféachadh orthu. Ag cur leathanaigh na CFManna ar fad le chéile, mheall siad os cionn 9,000 cuairt le linn na bliana.

**Tabla 20: Na 20 leathanaigh is mó a amharc orthu i 2020 – [www.odce.ie](http://www.odce.ie)**

Leathanach	Amhairc
Information Books – Príomh-leathanach (Béarla)	2,942
Company Law & You – Príomh-leathanach (Béarla)	2,926
Companies, Directors and Secretaries – Responsibilities (Béarla)	2,523
Company Law Guidance – Príomh-leathanach (Béarla)	2,503
About the ODCE – Finance & Procurement (Béarla)	2,383
Company Law & You – Corporate Governance (Béarla)	2,117
Court Decisions – Príomh-leathanach (Béarla)	1,923
Court Decisions – Prosecution Cases (Béarla)	1,827
Quick Guides (Béarla)	1,655
FAQ – Meetings (Béarla)	1,645
About the ODCE – Our Role (Béarla)	1,500
FAQ – Príomh-leathanach (Béarla)	1,373
Complaint Form (Béarla)	1,320
Media & Presentations – Príomh-leathanach (Béarla)	1,263
Company Law & You – Company Directors and Secretaries (Béarla)	2,193
Court Decisions – Prosecution Cases 2019 (Béarla)	1,196
Publications – Annual Reports (Béarla)	1,170
Information Books – Príomh-leathanach (Béarla)	1,043
Company Law & You – Príomh-leathanach (Béarla)	1,007

Ag teacht le iomadú na bhfón cliste, rinneadh rochtain ar an suíomh gréasáin ó ghléasanna soghluaiste níos mó ná 3,800 uair i rith na bliana. Ag deireadh na bliana, bhí 597 duine cláraithe chun fógraí suíomh gréasáin a fháil le ríomhphost. Soláthraíonn an Oifig leagan Gaeilge dá suíomh gréasáin chomh maith agus i 2020 bhí thart ar 4% de thrácht an tsuímh ghréasáin chuig an leagan Gaeilge ([www.osfc.ie](http://www.osfc.ie)) le thart ar 5,400 amharc.

## Na meáin shóisialta

Leanann an Oifig ar aghaidh le leas a bhaint as na meáin shóisialta chun a teachtaireacht a chur in iúl. Oibríonn an Oifig ar dhá ardán; Twitter agus LinkedIn. Úsáidtear na meáin seo chun aird a dhíriú ar ghníomhaíochtaí teagmhála na hOifige agus chun iad a chur chun cinn. De réir mar a laghdaíodh a leithéid imeachtaí sa bhliain 2020 mar gheall ar shrianta an Chovid-19, laghdaíodh an ghníomhaíocht ar na meáin shóisialta le linn na bliana 2020 chomh maith.

## Seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara inmheánacha

### Oiliúint agus forbairt foirne

Tá bainistíocht feidhmíochta i gceist ar fud gach Roinne agus Oifige Rialtais agus cuireann an Oifig chun feidhme í gach bliain. Féachann sí lena chinntiú go bhfuil ról na mball foirne aonair soiléir agus go bhfuil siad ar aon dul le cuspóirí corparáideacha foriomlána, agus athbhreithniú agus bainistíocht feidhmíochta á n-éascú aici ag an am céanna. Ina theannta sin, nascann sí cláir oiliúna agus caiteachas na hOifige go díreach le ról gach baill foirne. A mhéid is indéanta, tacaíonn an Oifig baill foirne ina riachtanais oiliúint agus forbairt.

Cuireadh 138 lá oiliúna ar an iomlán i rith 2020 (2019: 177) ar comhalta foirne den Oifig i 2020, lena n-áirítear:

- oiliúint a chuir acmhainní inti ar fáil – 90 lá, a bhain le 20 comhalta foirne; agus
- oiliúint a chuir an Roinn ar fáil – 48 lá, a bhain le 25 comhalta foirne.

Le linn 2020, chabhraigh an Oifig le baill foirne tabhairt faoin oiliúint agus faoin bhforbairt seo a leanas:

- i. Ard-Diplóma sa Choireacht Chorparáideach, an Bhóna Bán agus Rialála (Óstaí an Rí);
- ii. LL.M i nDlí na hEorpa agus Gnóthaí Poiblí (Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath);
- iii. B.Sc. i gCeannaireacht agus Rialachas Póilíní (Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath);
- iv. Dochtúireacht sa Rialachas (An Foras Riaracháin);
- v. Diplóma Idirnáisiúnta an CIC i Rialachas, Riosca & Comhlíonadh;
- vi. riachtanais FGL<sup>45</sup> baill foirne cuntasaíochta;
- vii. riachtanais FGL baill foirne aturnae;
- viii. riachtanais FGL ball foirne innealtóra.

## Comhlíonadh oibleagáidí de bhun an dlí, rialacháin agus stádas na hOifige mar aonán eanála poiblí arna bhunú le reacht

### Ceisteanna Parlaiminte (“CP”)

Iarrtar ar an Oifig go rialta faisnéis/ábhar a chur ar fáil don Roinn chun cabhrú léi freagraí de chuid Airí a ullmhú ar CPanna ó Theachtaí. Ina theannta sin, bíonn an Oifig féin ina hábhar do CPanna ó Theachtaí ó am go chéile. Le linn na bliana, chuir an Oifig ábhar ar fáil mar fhreagra ar 31 CPanna (2019: 64).

### An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997

Déantar foráil san Acht um Íoc Pras Cuntas d’íocaíocht úis le soláthraithe nár íocadh a sonraisc faoi dháta forordaithe (de ghnáth 30 lá i ndiaidh an sonrasc a fháil). In ainneoin bheartas na hOifige maidir le gach sonrasc a shocrú laistigh den tréimhse forordaithe, íocadh seacht sonrasc lasmuigh den am a ceadaíodh agus, mar thoradh ar sin, íocadh Ús Íocaíochta Gasta ar luach €2.37, mar aon le €370 i bpionóis (2019: sonrasc amháin, €1.12 agus €40 faoi seach). Tharla na moilleanna ar íocaíocht den chuid is mó mar gheall ar na deacrachtaí a bhaineann le hobair cianda.

### Plean Gníomhaíochta Bainistíochta Riosca

I rith na bliana, rinne an OSFC athbhreithniú agus uasghrádú ar a plean bainistíochta riosca i gcomhairle leis an Roinn.

### Saoráil Faisnéise (SF)

Tá an chuid is mó taifead na hOifige (is é sin, gach taifead seachas taifid a bhaineann le riarachán ginearálta na hOifige) díolmhaithe ón Acht SF. I rith na bliana 2020, rinneadh cúig iarratas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise (2019: 12).

As na n-iarratas a fuarthas, tarraingíodh siar ceann amháin acu, deonaíodh 2 ina n-iomláine, bhí ceann amháin acu le haghaidh tgaifid taifid nach raibh ann nó nach raibh i seilbh OSFC agus dá bhrí sin níor mhór iad a dhiúltú, agus bhí ceann amháin fós á mheas ag deireadh na bliana.

45. Forbairt Ghairmiúil Leanúnach

Mar a ceanglaítear an Acht, foilsíodh dréacht Scéim Foilsithe SA na hOifige ar suíomh idirlíne na hOifige chomh maith le logáil de iarratais SF agus na cinntí ar rinneadh orthu.

### **Cosaint Sonraí agus an Rialachán Ghinearálta um Chosaint Sonraí**

Rinneadh rialachán in-fheidhmithe den Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (an RGCS) an 25 Bealtaine 2018. Bronnann an reachtaíocht leibhéal fairsing de chosaint ar shaoránaigh i dtaca le príobháideacht agus úsáid a bhaint as sonraí pearsanta, agus deonaíonn sé cearta rochtana do shonraí pearsanta a coimeádann nó phróiseálann rialaitheoir sonraí.

Tá iarracht nach beag déanta ag an Oifig lena chinntiú go gcomhlíontar an Rialachán nua agus an tAcht um Chosaint Sonraí 2018, anuas ar sheisiúin faisnéise a chur ar siúl chun go mbíonn an fhoireann go léir ar an eolas ar na hoibleagáidí nua.

I rith na bliana faoi athbhreithniú, rinneadh ceithre iarratas bhreise ar fhaisnéis leis an Oifig faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018. Breithníodh gach ceann de na hiarrataí agus, nuair ba infheidhme, soláthraíodh an fhaisnéis ábhartha d'ábhair sonraí sa mhéid nár cuireadh na cearta chun faisnéise den sórt sin srianta a mhéid is gá chun feidhmeanna an Stiúirthóra a chosaint agus nuair a bhí an srianadh sin comhréireach.

### **Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003**

Rinne an Oifig dréachtú ar dhara Scéim faoin Acht i 2011 agus tá sí ag feitheamh ar chomhaontú an Choimisinéara Teanga i leith na Scéime sin. Idir an dá linn, tá an Scéim dheiridh i bhfeidhm go fóill, mar aon le ceanglais reachtúla an Achta. Dá bhrí sin, lean an Oifig ar aghaidh le faireachán a dhéanamh ar an dóigh a gcomhlíonann sí an tAcht agus a Scéim féin.

### **An Dualgas maidir le Comhionannas agus Cearta Daonna san Earnáil Phoiblí a Chur i bhFeidhm**

I rith 2020, rinne an Oifig a nuashonrú an ráiteas ar intinn aici foilsithe ar a láithreán gréasáin Dualgas na hEarnála Phoiblí a chomhlíonadh faoin Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2019. Leagann an dualgas seo oibleagáid reachtúil ar chomhlachtaí poiblí chun deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas deiseanna a chur chun cinn agus cearta daonna iad siúd a gcuireann siad seirbhísí ar fáil dóibh agus na foirne a chosaint nuair a thugtar faoina n-obair laethúil.

Ina hobair laethúil agus go háirithe ina cuid déileálacha le páirtithe leasmhara, cinntíonn an Oifig nach mbíonn aon bhall den phobal nó páirtí leasmhar eile thíos le hidirdhealú in idirghníomhú leis an Oifig faoi aon cheann de na forais seo a leanas: inscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, gnéaschlaonadh, míchumas, aois, cine, creideamh agus ballraíocht de phobal an Lucht Siúil.

Caitheann an Oifig lena foireann leis an gcomhionannas céanna.

### **Úsáid fuinnimh agus laghdú ar astaíochtaí carbóin**


Comhroinneann an Oifig a n-áitreabh le roinnt áitritheoirí eile, agus is ionann an chomhréir spáis a leithdháiltear don Oifig ná 45.62%, beagán níos lú ná leath den spás iomlán. Ar mhaithe le soilsiú agus trealamh oifige is ea thart ar leath den leictreachas go léir a úsáidtear, agus úsáidtear an fuilleach ar mhaithe leis an córas téamh agus aerchóiriú. Úsáidtear gás chun uisce a théamh a úsáidtear i gcóras téimh an fhoirgnimh.

B'ionann an úsáid gháis don bhliain agus 336,000 cileavatuair (kwh) (2019: 470,000 kwh), as a raibh an Oifig freagrach as thart ar 153,000 kwh. B'ionann an úsáid leictreachais agus 460,000 kwh (2019: 500,000 kwh), agus bhí an Oifig freagrach as thart ar 210,000 kwh.


I rith na bliana atá faoi athbhreithniú, bhí foirgnimh na hOifige tearcghafa mar bhí a lán ball foirne ag obair ón mbaile ó mhí an Mhárta ar aghaidh. Cé gur úsáideadh níos lú fuinnimh i gcomhair trealaimh, bhí soilsiú, teas agus fuarú fós ag teastáil don fhoireann a bhí ag obair ar an láthair. Leanann an Oifig ag iarraidh tionscnaimh chun tomhaltas fuinnimh a chiorrú a thuilleadh, agus d'fhreastail ionadaithe ar chur i láthair fíorúil ar an ábhar a cuireadh ar fáil tríd an bhfeachtas OP@W (Ag Barrfheabhsú na Cumhachta @ an Obair). Tá na cairteacha úsáid fuinnimh don bhliain 2018 go dtí an bhliain 2020 leagtha amach thíos.

Ba ionann an sprioc le haghaidh laghdú ar ídiú fuinnimh in 2020 agus 5% eile. Is ionann an t-aschur le feidhmíocht fuinnimh le haghaidh ná laghdú 8% in úsáid leictreachais agus 28% in úsáid gais, arb ionann sin laghdú foriomlán 18% i 2020 in aghaidh 2019, ar úsáid gáis den chuid is mó.

Usáid gás 2018-2020




Úsáid Leictreachais 2018-2020



Déanann an OP@W tomhas agus monatóireacht ar lorg carbóin an fhoirgnimh iomláin thar ceann Fhoireann Glas an fhoirgnimh, agus cuirtear na sonraí ar fáil go rialta d'áititheoirí an fhoirgnimh. Taispeánann a gcairt thíos an laghdú ar astaíochtaí carbóin mar thoradh ar an bhfuinneamh a úsáideadh san fhoirgneamh le trí bliana anuas arna thomhas i gcoinne a leithéid astaíochtaí sa bhliain 2014, nuair a thosaigh an foirgneamh ar pháirt a ghlacadh san fheachtas. Ba é an laghdú sa bhliain 2020 i gcomparáid leis an mbliain 2014 ná 40%, de réir sprioc an laghdaithe 50% faoin mbliain 2030.

Próifíl astaíochtaí bliantúla iomlán



# AGUISÍNÍ



# AGUISÍN 1

## Caiteachais arna chionroinnt i gcoinne chaiteachas iarbhír: 2018 – 2020

	2018		2019		2020	
	€000s	€000s	€000s	€000s	€000s	€000s
<b>Cionroinnt</b>						
Deontas ón Státhchiste	5,057		6,057		6,057	
Costais Dlí Eiseachtúil	50	5,107	50	6,107	50	6,107
<b>Caiteachas</b>						
Tuarastail	2347.0		2,503.1		2,295.8	
Fógraíocht & Poiblíocht	34.8		32.2		19.7	
Áitreabh Oifige	297.2		290.0		357.6	
Costais Dlí	741.8		1,075.2		995.9	
Seirbhísí Sainchomhairle	3.9		3.8		29.6	
Ríomhraiseacht	116.0		204.3		441.7	
Priontáil	22.0		28.8		22.8	
Fochostais	51.3		29.1		32.7	
Taisteal & Cothabháil	14.3		25.2		8.9	
Teileachumarsáid	30.1		45.3		54.3	
Seirbhísí Postais / Teachtaire	12.6		7.9		8.1	
Trealamh Oifige & Fótócóipeáil	8.3		17.5		7.9	
Forbairt Acmhainne Daonna	22.2		37.4		35.7	
		3,701.5		4,299.8		4,310.7
<b>Méid géillte</b>		<b>1,405.5</b>		<b>1,807.2</b>		<b>1,796.3</b>



## AGUISÍN 2

### Láithreoireachtaí a d'fhuascail, taispeántais/imeachtaí ar ar fhreastail agus foilseacháin eisithe

#### Láithreoireachtaí arna dtíolacadh ag baill foirne OSFC i rith na bliana 2020

Seo a leanas miondeal ar na catagóirí:

Catagóir	Líon na láithreoireachtaí tugadh
Institiúidí Tríú Leibhéal	1
Comhlachtaí Gairme (lena n-áirítear comhlachtaí Cuntasaíochta, an Dlí-Chumann agus An Garda Síochána)	4
Comhlachtaí Poiblí (lena n-áirítear Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais)	4
Comhlachtaí/Eagraíochtaí eile (earnálacha pobail agus deonacha san áireamh)	3

#### Taispeántais/teagmhais ar ar fhreastail foireann OSFC – 2020

Ainm Teagmhais	Tionscnóir	Ionad Coinne
National Manufacturing	Premier Publishing	Ionad Comhdhála Iarthar na Cathrach
Biz Expo	Biz Expo	Ionad Comhdhála Iarthar na Cathrach
HPSU Showcase 2020	Enterprise Ireland	Páirc an Chrócaigh
Manufacturing & Supply Chain Conference	Premier Publishing	Fíorúil (ar líne)

#### Foilseacháin eisithe agus arna fhoilsiú i 2020

Dáta	Ainm an Fhoilsithe
Meitheamh 2020	Tuarascáil Bhliantúil 2019
Nollaig 2020	Treoir Do Cuideachtaí Aonbhaill – comhdhlúthú seacht leabhrán faisnéise a thugann faisnéis le chéile faoi phríomhróil agus fhreagrachtaí na bpríomhpháirtithe i gcuideachtaí.

# AGUISÍN 3

## Tuairisc de réir alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014

**Le halt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014, foráiltear go ndéanfaidh gach comhlacht poiblí tuairisc a ullmhú agus a fhoilsiú, tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh gach bliain, ar tuairisc é a bhaineann leis an mbliain díreach roimhe sin i bhfoirm nach féidir na daoine lena mbaineann a aithint. Ní mór go sonraítear an méid a leanas sa tuairisc thuasluaite:**

- i.** líon na nochtuithe cosanta a tugadh don chomhlacht poiblí;
- ii.** an gníomh (más ann dó) a rinneadh mar fhreagairt ar na nochtuithe cosanta sin; agus
- iii.** aon fhaisnéis eile a bhaineann leis na nochtuithe cosanta sin agus an gníomh a rinneadh de réir mar a bhféadfadh an tAire Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe a iarraidh ó am go ham.

### **Tuarascálacaha a fuarthas le linn 2020**

Le linn na bliana dar deireadh an 31 Nollaig 2020 fuair an OSFC nochtadh cosanta amháin (2019: 8).

### **An gníomh (más ann dó) a rinneadh mar fhreagairt ar na nochtuithe cosanta sin**

I ndiaidh scrúdú a dhéanamh, deimhníodh go an nochtadh cosanta lasmuigh de shainchúram na hOifige.

### **Aon fhaisnéis eile a bhaineann leis na nochtuithe cosanta sin agus an gníomh a rinneadh de réir mar a bhféadfadh an tAire Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe a iarraidh ó am go ham.**

Níl sé infheidhme.

# AGUISÍN 4

## Cásanna inar thug stiúrthóirí cuideachta Gealltanais Srianta nó ina ndearna an Ard-Chúirt Dearbhuithe Srianta de bhun Acht na gCuideachtaí 2014

### Cásanna leachtuithe ina ghlac stiúrthóirí cuideachta le Ghealltanais Srianadh deonach de bhun alt 852 d'Acht na gCuideachtaí 2014

Uimhir Cuideachta	Ainm Cuideachta	Ainm Stiúrthóra		Dáta Srianta
347848	21 <sup>st</sup> Century Alternative Fuel Systems Limited	McElmeel	Michael	22-Nol-20
579017	ASL Cars Limited	Bowhan	Josephine	06-Lún-20
456722	Bernard Walsh Shopfitting Limited	Walsh	Bernard	13-Lún-20
572253	BGH Seasonal Operations (Irl) Limited	Hoskin	Bruce	23-Iúil-20
599861	Brook Creek Construction Limited	Nolan	Wesley	05-Lún-20
540940	Cardea Building Limited	Sheridan	Gerald	21-Lún-20
540940	Cardea Building Limited	Walsh	David	21-M.Fó-20
643190	Celtic Series Limited	Fitzpatrick	Alan	03-Nol-20
503254	CFNN Limited	Fitzpatrick	Alan	03-Nol-20
473987	Clonliffe Healthcare Products Limited	Navan	William	28-D.Fó-20
518594	CTP Bars Limited	Leonard	Christopher	26-D.Fó-20
518594	CTP Bars Limited	Leonard	John	26-D.Fó-20
486772	Darcys Bar Limited	Sexton	Patrick	15-M.Fó-20
486772	Darcys Bar Limited	O'Connor	Myra	15-M.Fó-20
573289	DB 5 Vehicle Imports Limited	Cronin	Ross John	04-Fea-20
573289	DB 5 Vehicle Imports Limited	Browne	David	04-Már-20
551614	Elite Future Enterprises Limited	Flynn	Paul	24-M.Fó-20
345234	Finbarr Whyte & Sons Limited	Whyte	Finbarr	15-M.Fó-20
447023	Foh Audio Limited	Walsh	Philip	10-Lún-20
530482	Glenmak Couriers Limited	Flanagan	Mark	13-Lún-20
582784	Green Foods Catering Limited	Hoskin	Bruce	23-Iúil-20
562337	Grey Stag Limited	Stagg	Kevin	15-M.Fó-20
562337	Grey Stag Limited	Gray	Declan	15-M.Fó-20
539699	Hira Ventures Limited	Ul-Islam (Shadow Director)	Shafique	20-Már-20
539699	Hira Ventures Limited	Qureshi	Alia Salaam	20-Már-20
539699	Hira Ventures Limited	Adnan	Shamaila	20-Már-20
485788	Homeville Stores Limited	Conway	Owen	10-Már-20
580546	Ihart Construction Limited	Hart	Ian	07-Lún-20
580546	Ihart Construction Limited	Hart	Erin	07-Lún-20
367630	Johnstown Technology Consulting Limited	Burke	Tony	13-Lún-20
492819	Joyce Motors Limited	Joyce	Kenneth	19-Már-20
580415	K Property Support Limited	Keaveney	Sally	07-Lún-20
580415	K Property Support Limited	Keaveney	Clem	07-Lún-20
153814	Kells Stores Limited	Ormiston	Norman	04-Lún-20
136229	Laraglen Limited	Collins	Denis	31-D.Fó-20
136229	Laraglen Limited	Collins	Teresa	31-D.Fó-20
218592	Lobar Limited	Maguire	Patrick	17-Lún-20
576774	Look Ahead Limited	Carroll	Michael	15-Fea-20
616091	Next Generation Marketing Limited	Sheehan	Richard	25-Lún-20

616091	Next Generation Marketing Limited	Connolly	David	28-Lún-20
495392	Nour Medical Limited	Mohammed	Sally	16-Már-20
495392	Nour Medical Limited	Hassan	Mohammed	16-Már-20
515234	R&R Bathrooms Limited	Prestage	Robert	16-Fea-20
601579	Rekan Catering Limited	Reynolds	Andrew	31-D.Fó-20
577616	Rootaigh Limited	Cronin	Elaine	09-Aib-20
512699	Shayoub Medical Services Limited	Shayoub (a.k.a. Ahlam Abokhlal)	Ahlam	17-Nol-20
512699	Shayoub Medical Services Limited	Naser	Shayoub	17-Nol-20
336147	Springwell Developments Limited	Long	Maura	05-Lún-20
108453	Trodat Limited	McDonagh	Mark	07-Lún-20
580390	United Power Limited	Maguire	Philip	04-Fea-20
580390	United Power Limited	Scanlan	Keith	04-Fea-20
582553	Veranco Limited	Czyzykowski	Artur	17-M.Fó-20
599233	Vidlyn Communications Limited	Flynn	David	23-Iúil-20

### Cásanna leachtuithe ina rinne an Ard-Chúirt Dearbhuithe Srianadh de bhun alt 819 d'Acht na gCuideachtaí 2014

Uimhir Cuideachta	Ainm Cuideachta	Ainm Stiúirthóra		Dáta Srianta
542839	Adalbert Limited	Heagney	Daragh	08-Bea-20
397043	Alvonway Investments Limited	Donovan	Joseph	20-Ean-20
397043	Alvonway Investments Limited	Appelbe	Fergus	09-D.Fó-20
533168	Rio Rodizio Limited	McColgan	Garth	14-Nol-20
469926	Shin - Ram Limited	Bourke	Sinead	10-Fea-20
546807	H.M.F. Construction Solutions Limited	Farrelly	Hughie	16-Sam-20
546247	Golden Island Retail Limited	Doherty	David	08-Nol-20
491827	Grudlann Corca Dhuibhne Teoranta	Whistler	Peter	14-Nol-20
491827	Grudlann Corca Dhuibhne Teoranta	Leahy	Collette	14-Nol-20
491827	Grudlann Corca Dhuibhne Teoranta	O'Sullivan	Jerry	14-Nol-20
325370	Northwest Projects Limited	Dooley	Donal	03-M.Fó-20
325370	Northwest Projects Limited	Dooley	Mary	03-M.Fó-20
476100	Squeaky Clean Ltd	O'Brien	Richard	31-Nol-20
476100	Squeaky Clean Ltd	Lavelle	Patricia	31-Nol-20
314280	Vectone Ltd	Allirajah	Baskaran	09-Már-20
314280	Vectone Ltd	Nicholas	Paul	09-Már-20
314280	Vectone Ltd	Wilson	Daniel	10-Fea-20
592768	RHS Energy Ltd	Palmer	Martin	24-Fea-20
197173	Winning Ways Ltd	Stenson	Brian	02-Mei-20
197173	Winning Ways Ltd	Stenson	David	02-Mei-20

## AGUISÍN 5

### Cásanna inar thug stiúrthóirí cuideachta Gealltanais Dícháiliúcháin nó rinne an Ard-Chúirt Orduithe Dícháiliúcháin de bhun Acht na gCuideachtaí 2014

#### Cásanna leachtuithe ina ghlac stiúrthóirí cuideachta le Gealltanais Dícháilithe deonach de bhun alt 850 d'Acht na gCuideachtaí 2014

Uimhir Cuideachta	Ainm Cuideachta	Ainm Stiúrthóra		Dícháilithe ó	Dícháilithe go dtí
554503	Clondrinagh Car Repairs Limited	O'Donovan	Marc	03-Sam-20	02-Sam-25
427579	Farm Food Emporium Limited	Coffey	Desmond	26-D.Fó-20	25-D.Fó-25
45928	Towerpoint Properties Limited	Wiseman	Niall	27-Iúil-20	26-Iúil-25

#### Cásanna cuideachta dóchmhainneach díscailte ina ghlac na stiúrthóirí le Ghealltanais Dícháilithe de bhun alt 850 d'Acht na gCuideachtaí 2014

Uimhir Cuideachta	Ainm Cuideachta	Ainm Stiúrthóra		Dícháilithe ó	Dícháilithe go dtí
556595	Elder Star Limited	Michael	Nolan	04-Ean-20	03-Ean-23
416910	Casalani Limited	Donal	Kelleher	01-Fea-20	31-Ean-23
394487	Glydebrook Developments Limited	Sean	Lambe	05-Már-20	04-Már-24
469983	Sharp Edge Security Limited & United Guard and Security Limited	Brid	Scannell	08-Lún-20	07-Lún-24
		Terry	Scannell	08-Lún-20	07-Lún-24
		Theresa	Scannell	08-Lún-20	07-Lún-24
		Robert	Scannell	08-Lún-20	07-Lún-24
594623	Ivymill Limited	Leon	Lee	25-Lún-20	24-Lún-24
496839	Ellsec Limited	Paul	Ellard	11-M.Fó-20	10-M.Fó-24
		Colm	Ellard	11-M.Fó-20	10-M.Fó-23
		June	Fields	11-M.Fó-20	10-M.Fó-22
513743	Atlas Forklifts Limited	John	Seaver	11-M.Fó-20	10-M.Fó-24
		John	Mackle	11-M.Fó-20	10-M.Fó-24
114511	Clayworth Investments Limited	John	Dowling	28-D.Fó-20	27-D.Fó-24
		Liam	Dowling	28-D.Fó-20	27-D.Fó-24
306860	Meadowcraft Developments Limited	Alan	O'Connor	11-M.Fó-20	10-M.Fó-24
		Kenneth	O'Connor	06-Sam-20	05-Sam-24
581128	Andy's Auto Imports Limited	Andrew	Bailey	09-Ean-21	08-Ean-25

### Cásanna leachtuithe ina rinne an Ard-Chúirt Orduithe Dícháilithe de bhun alt 842 d’Acht na gCuideachtaí 2014

Uimhir Cuideachta	Ainm Cuideachta	Ainm Stiúirthóra		Dícailithe ó	Dícailithe go dtí
555562	Step Training Limited	Mallard	Will	13-Ean-20	12-Ean-25
543634	Westman Plant & Civils Limited	Rabbitte	Kevin	30-Ean-20	19-Aib-34
508037	Express Boston Bakery Limited	Noble	Claire	09-Már-20	08-Már-25
508037	Express Boston Bakery Limited	Noble	Anthony	09-Már-20	08-Már-25
469926	Shin - Ram Limited	Hooda	Ramlal	10-Fea-20	09-Fea-25
545791	Meat Market Lane Restaurant (Drogheda) Limited	Donegan	Robert	09-Már-20	08-Már-25
543915	KLM Biotechnology Limited	Shanahan-Prendergast	Elizabeth	09-Sam-20	08-Sam-28
543915	KLM Biotechnology Limited	Prendergast	Patrick	09-Sam-20	08-Sam-28
481151	DMG Energy	McGleenan	Damien	04-Mei-20	03-Mei-30
481151	DMG Energy	McGleenan	Francis Joseph	04-Mei-20	03-Mei-30
623993	The MK Chow Lee Ltd	Chow	Mui Kiu	14-Nol-20	13-Nol-27

# GLUAIS



<b>Acht</b>	Acht na gCuideachtaí 2014
<b>Acht GÉCS</b>	Acht fá Ghléasanna Éireannacha um Chomhbhainistiú Sóchmhainní
<b>Aire</b>	Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta
<b>ÁSG</b>	Árachas Slánaíochta Gairmiúla
<b>ÁSBP</b>	Árachas Sóisialta a Bhaineann le Pá
<b>BNGSCE</b>	Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Choireacht Eacnamaíoch
<b>CAC</b>	Comhlacht Aitheanta Cuntasóireachta
<b>CBL</b>	Cáin Bhreisluacha
<b>CFG</b>	Comhlacht Forordaithe Gairmiúil
<b>CFManna</b>	Ceisteanna a Fiafraítear go Minic (Ceisteanna Coitianta)
<b>CGB</b>	Cruinniú Ginearálta Bliantúil
<b>CIRD</b>	Comhlachas Idirnáisiúnta na Rialtóirí Dócmhainneachta
<b>CL</b>	Coibhéis Lánaimseartha
<b>Clár</b>	Clár na gCuideachtaí a choimeádann an OCC
<b>CP</b>	Ceist Pharlaiminte
<b>FGL</b>	Forbairt Ghairmiúil Leanúnach
<b>GADC</b>	An Grúpa Athbhreithnithe Dlí Cuideachta
<b>GAH</b>	Grúpa Athbhreithnithe Hamilton
<b>GÉCS</b>	Gléas Éireannach um Chomhbhainistiú Sóchmhainní
<b>IMAT</b>	Íoc Mar A Thuilltear
<b>IR</b>	Ionstraim Reachtúil
<b>MT</b>	Meabhrán Tuisceana
<b>OCC</b>	An Oifig um Chlárú Cuideachtaí
<b>Oireachtas</b>	Téarma comhchoiteann do Theach Uachtarach agus do Theach Íochtarach na Parlaiminte
<b>OSFC/Oifig</b>	Oifig an Stiúirthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach
<b>Roinn</b>	An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta
<b>SF</b>	Saoráil Faisnéise
<b>SIP</b>	An Stiúirthóir Ionchúiseamh Poiblí
<b>Stiúirthóir</b>	An Stiúirthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach
<b>ÚMICÉ</b>	Údarás Maoirseachta Iniúchta & Cuntasaíochta na hÉireann





## Le haghaidh eolas breise déan teagmháil le:

Oifig an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach

16 Cearnóg Pharnell, Baile Átha Cliath 1

**Guthán:** +353 1 858 5800

**Íosghlao:** 1890 315 015

**Facs:** +353 1 858 5801

**Ríomhphoist:** [info@odce.ie](mailto:info@odce.ie)

**Suíomh Gréasán:** [www.osfc.ie](http://www.osfc.ie)

**Twitter:** @odce



Oifig an Stiúrthóra um  
Fhorfheidhmiú Corparáideach

Office of the Director  
of Corporate Enforcement